# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine** **Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**.
Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu **1** – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó **2** – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Chronaigh mé m'iníon, agus bhí laethanta ann nuair nach bhféadfainn í a chur as mo cheann. Bhí sí imithe chun an choláiste. Bhí a saol féin aici anois, ní raibh sí ar fhoscadh a tuismitheoirí a thuilleadh. Ach bhí an teachín i Liatroim lán d'iarsmaí a hóige, rudaí a raibh an chuma orthu go mairfeadh siad go deo le linn dúinn bheith ina lár agus fós d'imigh an t-am sin mar a thitfeadh na duilleoga de chrann, go tobann agus gan choinne.

Sheasainn amanna sa tseid ar chúl an tí nuair a bhíodh sé ag cur báistí agus chuimhnínn uirthi. Seid ghlas ghalbhánaithe a bhí ina seasamh ansin leis na blianta. Triúr saoithe a tháinig gan choinne lá samhraidh i veain bhán agus a dúirt go raibh an phéint ab fhearr sa chruinne acu, iadsan a phéinteáil í. Péint a d'úsáideadh Harland and Wolff chun longa a phéinteáil. Péint nach scamhfadh go deo a fhad is a bheadh geimhrí ann i Liatroim. Déanta na fírinne, bhí an phéint ag scamhadh faoi dheireadh na Samhna a bhí chugainn ach níor ghearáin aon duine. Chun rudaí a stóráil amháin a bhaintí úsáid as an tseid. Málaí plaisteacha lán le bréagáin fionnaidh. Seantroscán. Na leabhair, na dlúthdhioscaí agus na raidiónna briste a brúdh amach as ár saol de réir mar a ghlacamar le faisin nua. Bhí cúpla giota den leaba ann fiú, an leaba ar ar rugadh mé, iad i gcoinne an bhalla. Agus casúr a chailleamar na blianta ó shin. Bhí bróg agus sáil ard uirthi ina luí ar leac na fuinneoige, í fillte i líontán éadrom a rinne damhán alla. Bhí pictiúr de Harry Houdini ann. Seansorn urbholgach.

Ach d'fhás sí aníos, go tobann agus gan rabhadh. Níor chuir mé suntas le fírinne sa tslí ar shín sí amach go raibh fad an chliabháin inti. Níor chuir mé suntas sa luas lenar shleamhnaigh sí ó chéim amháin go céim eile; ó fhiacla nua go focail nua, ón gcaint go dtí an siúl, ó bheith ithe agus ina suí i gcarranna, agus ag déanamh cairde, agus ag dul go dtí an scoil súgartha. Agus í lánghléasta, d'fhanadh sí ag doras an phaitió, a haghaidh i gcoinne na gloine, ag screadach, "Carr!". A bosca lóin de phlaisteach gorm ina láimh, a bearád gorm ar leathstuaic ar a ceann. Ar an turas go dtí an baile, d'ainmnigh sí a críoch féin. Sin é an teach briste. Sin é an carbhán sa pháirc. An tochaltóir ag tochailt an bhóthair. An t-asal ar an gcnoc. Agus sa scoil súgartha, chaith sí a bosca lóin i mo threo agus d'imigh sí de sciotán thart an choirnéal go dtí na bréagáin.

Agus nuair a chuaigh sí ina déagóir óg go dtí an Muileann gCearr, d'aimsigh sí spórt iontach maith i gclóis stáblaí, ag marcaíocht ar chapaill agus ag iomaíocht i seónna. Bhí a capaillín féin aici, fiú amháin, gearrán álainn donnrua a dtugtaí Darwin air. D'fhás Darwin aníos ar fheirm orgánach, ag ithe luibheanna, agus bhí fabhraí fada donna aige agus súile ábhalmhóra donna. Ag an mbanphrionsa a d'fhás aníos le hasail sna cnoic os cionn Loch Ailinne, ba é fíoradh na haislinge é. Thug sé thar na claíocha uile í ar thug sí aghaidh orthu, cé go raibh níos mó ná an léimneach á gcoinneáil le chéile; bhí fíorghrá aici dó, agus bhí grá aige di sin. B'aoibhinn leis a bhuicéad a chaitheamh ina treo. Rolladh ar an talamh léi, anáil a shéideadh ina haghaidh, síneadh amach le haghaidh úll, nó Silvermints a chogaint, le linn dí bheith ag cur trilseán ar a eireabaill.

"A Dhaid," a scairt an guth. "Cá raibh tú? Táim ag feitheamh anseo le huair an chloig."
Agus chonaic mé ina suí ansin í, lena ceamara Canon agus a latte; bean óg, í réidh agus ag feitheamh.

Arna chóiriú as *Staring at Lakes: A Memoir Of Love, Melancholy and Magical Thinking* le Michael Harding, Hachette Books Ireland, 2013.

## Sliocht B

Nocht torthaí a chuardaigh ar líne faoi choinne a chairr idéalaigh ar linn lonrach an scáileáin i measc anord mearaithe d'fhógraí ildathacha agus de thairiscintí déanacha deiridh, cibear-casinos, aerlínte, siopaí a bhí ag díol bonn agus páirteanna breise do charranna, cláir frithvíris, físchluichí …

Bhí an scáileán ag caochadh mar a bheadh réalta istigh i lár seomra dorcha in árasán, réalta a bhí ag síothlú agus troscán an tseomra á timpeallú go mall, an leaba neamhchóirithe agus a sciorta go talamh, cathaoir agus carnán éadaí uirthi a bhí le hiarnáil agus le filleadh, muinchillí agus osáin treabhsar ar crochadh idir chosa cathaoireach, an bosca cairtchláir a raibh na cannaí agus na buidéil fholmha ann a n-éiríodh sé uaireanta lena bhfáil as an chistin … an ciseán sorcóireach agus an mála ag cur thar maoil le héadaí salacha …

Ba phláinéad eile ar a fhithis an tábla beag, raidió-chlog díphlugáilte, lampa boird agus a bholgán dóite, agus tarraiceáin bheaga nach n-osclaíodh sé, iad líonta le boinn airgid, cártaí, pinn, léarscáileanna de chathracha ar thaistil sé chucu míle bliain ó shin, páipéir, grianghraif, agus ticéid cheolchoirmeacha stróicthe …
Bhí póstaer ann a thug an meicneoir dó, é greamaithe díreach le hais na fuinneoige lena dallóga tarraingthe, grianghraf méadaithe de charr den déanamh is deireanaí, dearg ar nós a chinn féin, ach bhí a cheann féin fiche bliain d'aois cheana. B'éigean dó bheith de shíor á dheisiú, paiste ar bharr paiste, agus dúirt an meicneoir leis go dtiocfadh leis ceann nua a cheannach leis an méid a bhí caite aige ar dheisiúcháin. Cinnte, a smaoinigh sé. I mo chéad shaol eile. Bhí an póstaer ag casadh aníos go mall ag na himill, ag at beagáinín ar nós long seolta, carr ag casadh go cúramach.

Bhí doras oscailte an chlóiséid cosúil le sciathán diosctha, é línithe le grianghraif de charranna coincheapa, le saol a bhí ann deich mbliana roimhe a bhain an chuid ba mhó acu, iad buí sna grianghraif. Agus ar an tseilf uachtarach den chlóiséad os cionn bharra na gcrochadóirí folmha – ní raibh ach dhá léine crochta aige, dhá léine áiféiseacha nár chaith sé riamh, iad i measc carnán de leabhair nótaí agus de théacsleabhair scoile, trófaí brúite a bhuaigh sé i gcomórtas liteartha ar scoil, agus raicéad …

Arna chóiriú as *The Boys* le Toni Sala, Two Lines Press, 2014.

## Sliocht C

Is breá liom bheith gan dada le déanamh agam. Ag crochadh thart, crochta amach thar gheata ag amharc isteach i bpáirc, nó ag fánaíocht ar bhruach abhann, ag siúl cois farraige. Is ansa liom suí ar shuíochán i bhFaiche Stiabhna, ag gácáil, ag éisteacht leis na lachain, agus ag déanamh iontais de lucht na n-oifigí ag alpadh a gceapairí agus a gcaife beir leat.

Is breá an fara é siopa caife a bhfuil fuinneog ann a amharcann amach ar an tsráid iomlán, mar atá ar fáil sa bhaile mór. Leis an bhfírinne a rá, tig le duine a bheith cruógach ag déanamh dada áit ar bith beagnach, agus caithfidh mé a rá gur maith liom bheith cruógach ag déanamh dada.

Tá difear mór idir seo agus an leadrán. Déanta na fírinne, is é contrárthacht an leadráin é. Dúirt Oscar Wilde tráth gur "ar na daoine leadránacha amháin a bhíonn an leadrán," agus gabhaim buíochas le grásta Dé agus ní le haon tallann de mo chuid féin go bhfuil páirt chomh beag sin ag an leadrán i mo shaolsa nach dtig liom a insint duit cén uair dheireanach a rug sé greim orm.

Ach airím an leadrán leathmhíle ar shiúl, in iompar gruama déagóra a bhfuil a shamhlaíocht caillte ar FaceBook aige, nó san fhear mífhortúnach gan dídean a bhfuil coilíniú déanta aige ar aghaidh siopa amach ón tSráid Mhór. Tá leadrán le sonrú in aghaidheanna na mban a cheapann go saorfaidh an tsiopadóireacht neamhshrianta uaidh iad, agus sna fir chéile a bhíonn ag sodar ina ndiaidh de dheasca brú nó dílseachta.

Ní hea. An ealaín sin a bhaineann le bheith cruógach ag déanamh dada, tá sí caillte ag na daoine ar a luíonn an leadrán. Mothaíonn siad nach bhfuil féiniúlacht acu mura bhfuil siad ag ceannach nó ag táirgeadh rud amháin nó rud eile. Sin nó á bhfeabhsú féin le haclaíocht nó le leabhair.

Is aimsir bhreá í seo le bheith ag siúl ar thrá agus táim tar éis bheith amuigh anseo agus ansiúd. Ghearr na stoirmeacha isteach i bport cré agus gainimh a bhí sealbhaithe ag coilíneacht de ghabhláin ghainimh. Rug mé orthu ag dul isteach agus amach as na poill a bhí déanta acu, chonaic mé iad ag déanamh ruathair agus ag ciorclú, agus chuir "seachmall an dá cheann" amú mé nuair a rinne an ghrian scáthanna troma de na héin agus iad faoi luas. Bhí mé faoi gheasa, ach ansin ar seachrán, ag lúthchleasaithe a bhí chomh cruógach leis na gabhláin ghainimh, iad ag bogshodar ar an trá. Grúpa de cheathrar a bhí ann.

Bhí siad ag bárcadh allais. Ní fúmsa atá sé breithiúnas a thabhairt ar a gcuid imeachtaí, ach bhí siad chomh cruógach sin ag traenáil agus á gcoinneáil iad aclaí go raibh siad dall ar dhamhsa na ngabhlán gainimh. Ní rud maith ná rud olc é sin ach b'in mar a bhí. Ní mhaífinn ach go raibh mé chomh gnóthach leis na lúthchleasaithe, gnóthach ag gácáil, gnóthach ag déanamh dada.

Níos deireanaí an mhaidin chéanna shuigh mé os comhair na farraige ar phota gliomach a caitheadh i dtír, chun éisteacht leis na tonnta. Go hálainn. Teas ar m'aghaidh, an ghaoth i mo ghruaig, í féin ar shiúl ag cuardach sliogán. Chuaigh siúlóir fiúntach thart agus gach aon abhóg aige, stocaí agus bróga siúil air. Bhris sé a shiúl chun fiafraí díom cad a bhí ar siúl agam. Dúirt mé go raibh mé ag éisteacht leis na tonnta. Thug sé sracfhéachaint ar an bhfarraige, chroith a chloigeann agus shiúil leis. Bhí cuma chruógach air; bhí mé sona sásta ag déanamh dada.

Arna chóiriú as *Cassidy Says - Busy Doing* Nothing, *Ireland's Own*, 24 Meitheamh, 2016.

## Sliocht D

Le bheith ionraic faoi, b'fhearr liom gan smaoineamh fiú ar dhul go Dubai chun tuairisc a dhéanamh ar theacht na healaíne sráide go dtí an Meán Oirthear. Mar sin, rinne mé iarracht éalú. Ba bheag a bhí ar eolas agam faoi Dubai – seachas gur ionad míchlúiteach siopadóireachta é a bhfuil cánacha solúbtha i bhfeidhm ann. Agus níl a dhath agam i gcoinne na healaíne sráide. Ach an dá rud le chéile, bhraith mé nach raibh ann ach amaidí cultúir. Tá roinnt áiteanna ann a bhfuil an ealaín sráide mar chuid dá ndlúth is dá n-inneach, agus tá stair aici sna háiteanna sin – Páras, Nua-Eabhrac, Londain, Barcelona – ach níl Dubai ar cheann acu. Nó sin an eagla a bhí orm. Ach ó bhí cuireadh tugtha do chúig dhuine dhéag d'ealaíontóirí sráide a raibh cáil idirnáisiúnta orthu teacht go dtí an Araib nua-aimseartha agus iad féin a chur in iúl ar na ballaí saor ó dhleacht in Dubai, b'fhiú sin a iniúchadh.

Dealraíonn sé go bhfuil an ealaín ag iompú amach ina treoirbhranda i Stáit na Murascaille. Ach an féidir cultúr a cheannach? Dath an airgid agus dath donn atá ar Dubai. Is é atá sa donn, dath an ghainimh á shéideadh isteach ón ngaineamhlach ina shraith dhonnrua os cionn na ndíonta. Is é atá i gceist le dath an airgid, dath an chróim, na gloine, na scáthán, an uisce uile ag scairdeach lena bhfuil an chathair éadóigh seo ag iarraidh a bunús sa ghaineamhlach a cheilt. Gach uile áit dá bhféachann tú, amharcann do scáil ar ais ort ó shíleálacha, ó cholúin, ó bhallaí, ó fhuaráin, agus ón chosán airgeadta a threoraíonn thú, mar a bheadh in The Wizard of Oz, tríd an siopadóireacht saor ó dhleacht. Téimid isteach sa bhaile mór trí chainneon de thúir airgid, gach ceann acu ag iarraidh cuma níos airde ná an ceann lena ais, mar a bheadh comrádaithe ranga i ngrianghraf scoile. Níl oiread agus scríob ar aon cheann acu gan trácht ar phráib phéinte nó ainm a scríobhadh go tapa. Tá a leithéid sin mídhleathach anseo.

Os cionn na dtúr eile go léir i rás na hairde tá an Burj Khalifa míorúilteach, an foirgneamh is airde ar domhan, a shíneann leathmhíle suas sa spéir. Ó thaobh na cuma de, is spíce eaglaise ón meánaois é, é chomh caol le maide agus biorach. Tá cuma eaglaise air fosta an dóigh a suíonn sé ar gach léaslíne. Ba é ba chúis le spíce a bheith ar eaglais, glaoch ort dá fhad ar shiúl a bheifeá. San Eoraip, ní féidir leo sin a dhéanamh a thuilleadh toisc go bhfuil foirgnimh níos airde á gceilt. Ach in Dubai, sa ghaineamhlach, maireann an éifeacht i gcónaí.

Tá Meeras chomh gar sin don Burj Khalifa go n-imeodh eitleán páipéir eatarthu. I gcomharsanacht shaincheaptha nua-aimseartha ar a dtugtar Siúlán na Cathrach atá Meeras. Tá dhá dhifear ann idir é fein agus comharsanachtaí saincheaptha eile. Ar an gcéad dul síos, tá na foirgnimh ann suntasach íseal. Tá Siúlán na Cathrach ag síneadh go cliathánach isteach sa ghaineamh. Is é an dara difear atá ann go bhfuil a chuid ballaí clúdaithe le múrmhaisithe atá gáifeach, scrábach agus, rud a chuirfeadh iontas ort, dána. An chéad cheann a fheicim, tá sé ollmhór – cailín ag sclamhadh oráiste, é péinteáilte ar thaobh fhoirgneamh sé stór. Deirfeá ar a cuid éadaí, éadaí loma tí, gur mó an taithí atá ag an gcailín ollmhór cistine seo ar a bheith ag sclamhadh prátaí ná ag sclamhadh oráiste. Ach féach, is é seo an Meán-Oirthear, nach ea?

Tá sí ina suí ar chairpéad álainn de chuid an oirthir a bhfuil ró-ardnósach air do na cúinsí sin. Agus í crom os cionn a cuid oibre, cheapfá gur le ré eile a bhaineann a hiompar gruama: ré na Sean-Mháistrí. Leis an bhfírinne a rá, tá a cineál feicthe cheana agam sna radhairc mhorálaíocha Ollannacha ón seachtú haois déag inar dual don chailín cistine a saol a chaitheamh ag stánadh i bhfad uaithi agus a príosúnacht sa teach á chásamh. Ní féidir go raibh a leithéid sin ar intinn ag Etam Cru, beirt shearbhasacha as an bPolainn a dhéanann speisialtóireacht ar bhinn na bhfoirgneamh, sa saothar a rinne siad ar Shiúlán na Cathrach? Ní bheadh sé de dhánacht iontu, an mbeadh?

Arna chóiriú as *Can You Buy Culture?* le Waldemar Januszczak, *The Sunday Times Magazine*, 29 Bealtaine, 2016.

## Sliocht E

Tá sé deacair a chreidiúint anois ach níor chailín mé a bhíodh ag brionglóid riamh faoin saol faoin tuath. Leis an bhfírinne a rá, ní raibh mé riamh ar fheirm cheart oibre i mo shaol roimhe – seachas cuairt ar fheirm siúcra mailpe in Wisconsin le linn dom a bheith sa chúigiú rang, ach ní áireofaí sin mar ní raibh de bholadh ann ach boladh milis na síoróipe seachas boladh an sciodair aibí ghalaigh.

Ansin d'athraigh gach rud. Scuab grá mire de mo chosa mé agus d'iompair trasna an Atlantaigh mé go dtí feirm faoin tuath in Éirinn a bhí na céadta bliain d'aois, in éineacht leis an bhfear galánta a bhí le bheith ina fhear céile agam níos deireanaí. Nuair a bhog mé go hÉirinn ar dtús, chuireamar fúinn i sráidbhaile Áth Dara, Co. Luimnigh. Bhí Áth Dara mar a bheadh radharc as an Meán-Aois ann, agus bhraith sé mar sin freisin.

Thóg sé tamall fada orm dul i dtaithí ar an saol faoin tuath. Níl seirbhís seachadta bia ná bialanna áitiúla ann amuigh faoin tuath in Éirinn. D'éirigh sé soiléir go gcaithfinn múineadh dom féin conas cócaireacht a dhéanamh agus conas slánbhia sláintiúil spéisiúil a fhás ar ár bhfeirm féin. Bhí féarach mo theaghlaigh nua ag cur thar maoil le ba déiríochta, sicíní, fálta agus ithir den scoth le haghaidh garraí táirgiúil cistine a thosú.

I bhfómhar na bliana 2009, thosaigh mé ag scríobh blag ar ar thug mé *I Married an Irish Farmer* i dtús ama ach d'athraigh mé sin níos deireanaí agus thug *Farmette* air go simplí. Bhí slí de dhíth orm chun ligean le mo chruthaitheacht, chun rud a tháirgeadh agus b'fhéidir chun teagmháil a dhéanamh le mná feirme eile.

Toisc an méid ama a bhí á chaitheamh agam sa chistin, thosaigh mé ag cur ceisteanna ar mháthair mo chéile faoina scileanna agus faoina hoidis thraidisiúnta Éireannacha. Rinne mé grianghraif de mo thurgnaimh chócaireachta agus choinnigh taifead orthu, agus roinn mé leis an saol ar mo bhlag iad. Ní hamháin gur chruinnigh mo bhlag pobal ar líne dom; fuair mé amach gan mhoill go ndéanfá cara nó dhó sa chomharsanacht dá n-ullmhófá uachtar téachta baile agus dá mbácálfá scóna maith.

I gclós na feirme, blíonn Risteard ba déiríochta, Holstein Friesian, maidin agus tráthnóna ó cheann ceann na bliana. Tógann sé éanlaith shaor-raoin chlóis freisin. Tá úllord beag ar an bhfeirm bhaile. Sna 1940idí a cuireadh i dtús ama é ach gearradh siar ó shin é go dtí go raibh sé mór go leor le díreach go leor úll, piorraí, plumaí, spíonán agus cuiríní a sholáthar dár dteaghlaigh gach samhradh agus fómhar. I nGarrán Dhún Mhaoilín a dhéanaim draíocht fholláin leis an mbainne ón bhfeirm agus a fháiscim sú as úlla agus as piorraí an úlloird.

Arna chóiriú as *Eat, Taste,* Love, *The Irish Times Magazine*, 12 Márta 12, 2016.
As *The Farmette Cookbook* le hImen McDonnell, Roost Books.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

## Dearadh

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula** dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, crosbhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1:** **Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú.
Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha, agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh.
Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach, chomh maith le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2:** **Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**.
Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo.
Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, agus iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3:** **An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d’aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

## Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Níl ann ach oíche amháin, ach tugann an Oíche Chultúir deis do shaineolaithe ealaíne, amharclannaíochta, litríochta agus ailtireachta eolas a chur arís ar na paisin chruthaitheacha agus ealaíne atá acu. Osclaíonn na céadta gailearaí, músaem agus ionad cultúrtha a gcuid doirse don phobal. Fanann láithreacha ar oscailt idir 5 p.m. agus 11 p.m., rud a chiallaíonn go mbíonn Éire ina lárionad féile. Déantar an Oíche Chultúir a cheiliúradh i ngach aon cheann de 32 cúinne na tíre.

Tiocfaidh na céadta míle duine ó gach áit in Éirinn amach chun cuairt a thabhairt ar na hamharclanna, ar na músaeim agus ar na leabharlanna áitiúla. Beidh taispeántais sráide agus ceolchoirmeacha faoin aer ar siúl agus beidh réimse d'fhoirgnimh shuntasacha phríobháideacha ar oscailt don phobal - an t-aon uair amháin sa bhliain a tharlaíonn sé sin. Beidh na sráideanna plódaithe agus glórach agus beidh deis ag gach duine a chónaíonn sna cathracha agus sna bailte móra nó a oibríonn iontu nó atá ag tabhairt cuairt orthu an cultúr a bhlaiseadh saor in aisce.

Le titim na hoíche, bíonn bultúir chultúir ag rith thart ag cuardach príomhláithreacha na cruthaitheachta. Ag a cúig a chlog díreach, tosaíonn baicle páistí ag bualadh droma ollmhór le tabhairt le fios go bhfuil an Oíche Chultúir tosaithe. Fuinneamh is ainm don droma agus is le Bounce agus a páirtí Mel é. Thóg siad ina ngairdín cúil é. "Is ag Bounce a bhí an smaoineamh," arsa Mel. "Ábhar athchúrsáilte is ea 90 faoin gcéad de. Is seol báid é an craiceann." Iarrtar orm breith ar dhá mhaide agus triail a bhaint as agus caithfidh mé a rá go bhfuil rud éigin teiripeach ag baint le bheith ag lascadh droma atá chomh mór le linn snámha bheag. "Is féidir é a chur isteach i gcúl veain Ford Escort," arsa Mel go bródúil.

In áiteanna eile, tá rudaí níos fadtréimhsí á socrú suas agus tá neart daoine ag guairdeall thart. Taobh amuigh d'Ard-Oifig an Phoist, tá daoine ag postáil a gcuid cártaí poist den 'Oíche Chultúir', cártaí a chuir an Post ar fáil saor in aisce. Tá na sráideanna lán le daoine ag fánaíocht thart lena gcuid leabhrán a thugann eolas dóibh faoina bhfuil ar siúl agus faoin áit a bhfuil sé ar siúl. Tá ceoltóirí sráide ag cur siamsaíochta ar fáil don slua agus a gcuid ceoil ag baint macalla as na lánaí i ndorchadas na hoíche.

Tá gnéithe a bhaineann le carnabhal, mórthaibhsiú agus ceiliúradh le mothú sna samplaí iomadúla den chultúr. Tá ealaíontóirí spéire ag rópáil anuas ar fhoirgnimh agus tá taispeántais lóchrann draíochta, ranganna ióga agus seisiúin de cheol traidisiúnta ar siúl freisin. Tá radhairc mhórthaibhseacha le feiceáil le linn do Aerial Cirque a bheith ag déanamh damhsa ingearach atá chomh hiontach sin go mbainfeadh sé an t-amharc as do dhá shúil. Le linn dóibh a bheith ag rópáil anuas ar na foirgnimh in aice láimhe, preabann an compántas ar chanbhás agus iad ag fí patrún as olann dhearg. Tá taispeántas lóchrann draíochta ar siúl ag Coláiste Bhostúin in aice le Faiche Stiabhna chomh maith le ceardlann cheoil do lucht éisteachta atá bodhar agus taispeántas ó chór de chuid na Nigéire. Téann taibheoirí ó Thionscadal an tSorcais i gcion go mór ar na cuairteoirí le lámhchleasaíocht den scoth chomh maith le scileanna luasctha poi agus lasann siad suas na sráideanna lena dtaispeántas tine réamheagraithe ina bhfuil fonsaí tine, feananna tine, crann tine agus scipeáil tine atá bunaithe ar théamaí treibheacha, ceol rac agus cultúr.

I bhforhalla an Ghailearaí Náisiúnta, tá damhsóirí ag déanamh cuid de shaothar atá á léiriú ag ealaíontóir físeáin. Déanfar é a theilgean ar an taobh amuigh den Ghailearaí níos déanaí. Tá margaí maithe agus foinn DJ le fáil i margadh seanré atá ar siúl deireanach san oíche. Tá filí ag léamh a gcuid filíochta i dtimpeallacht dhlúthphearsanta na siopaí leabhar. Cuireann Sorcas Pobail na Gaillimhe ceacht gairid i ióga spéire, húla húpáil agus bearta cothromúcháin ar fáil dóibh siúd atá ar thóir imeachtaí ar féidir leo páirt níos gníomhaí a ghlacadh iontu. Téann siad siúd nach miste leo a bheith ina suí go maidin ar aghaidh chuig Cóisir na hOíche Cultúir, áit a bhfuil grúpaí áitiúla i mbun seisiún. Idir an dá linn, tá fáilte á cur roimh chultúr ó thíortha eile taobh amuigh d'Éirinn in ionaid eile, agus taispeántas iontach Kung Fu á thabhairt ag triúr máistrí Seabhlín.

Arna chóiriú as *Culture Night: It's serendipity to just go with the flow* le Hugh Lenihan, *The Irish Times*, Meán Fómhair 2016.

**Sliocht B**

Cé go dtéann déantóirí cáise i mbun a gceirde ar mhórán bealaí ar leith, bíonn an luas cothrom céanna acu go léir, atá socraithe ag an rithim laethúil a bhaineann le bleán agus déanamh. Díol iontais eile a gcaithfeá é a thabhairt faoi deara, is ea an obair chrua fhisiceach a bhaineann le déanamh cáise. Síntear géaga agus lúbtar dromanna i ndéirithe a bhíonn te agus tais. Tá meáchan de ghruth silteach le meascadh agus le crochadh agus le hiompú sna múnlaí. Nuair a bhíonn an cháis déanta, bíonn gach orlach le scríobadh agus le sciúradh, le níochán agus le glanadh. Ní obair í seo a dhéantar agus daoine ag caitheamh léinte bláthacha agus cuaráin – éilíonn déanamh cáise cótaí bána, buataisí rubair agus naprúin láidre. Nuair a bhíonn an níochán déanta, caithfear aire a thabhairt do na cáiseanna a rinneadh inné, an tseachtain seo caite, nó uaireanta an samhradh seo caite agus iad a fháscadh, a iompú, a chuimilt, a níochán agus a phacáil. Fir agus mná a éiríonn go luath agus a théann a chodladh agus iad tuirseach a dhéanann an obair seo. Conas a tharla gur i ndomhan iontach na cáise a chríochnaigh beirt ghasúr as cathair Bhaile Átha Cliath? Trí thimpiste, an freagra is fearr atá ar an gceist sin, is dócha.

D'fhás siad suas sna 1970idí agus an sórt céanna bia á ithe acu is a bhí á ithe ag teaghlaigh eile. Bhí stobhach, iasc ón gceannaí éisc áitiúil agus arán donn ar fáil. Dhéantaí stobhach de phíosaí feola atá ag éirí faiseanta anois arís, leithéidí teanga bhó, lorga mhairteola, gualainn uaineola in éineacht le cibé glasraí a bhíodh ar fáil, oinniúin, cairéid, agus tornapaí de ghnáth. B'annamh a bhíodh stéig ar fáil agus ní dhéantaí í a chócaráil ach amháin nuair a bhíodh cluiche mór iománaíochta ag duine acu. Bhí siad ina ndéagóirí nuair a thosaigh tóir ag teacht ar iógairt – sólaistí nua neamhchoitianta. Is ó bhloc simplí céadair a tháinig pé cáis a d'ith siad.

Bhí ceapach piseanna, raidisí, agus caora samhraidh agus fómhair inár ngairdín cúil in Portobello. Bhíomar inár gcónaí le hais na Canálach Móire i mBaile Átha Cliatha agus bhímis ag iascaireacht ansin, ag breith ar ruáin agus ar phéirsí le líonta mar spórt. Ach gach samhradh thugaimis cuairt ar bhaile dúchais ár máthar in Inis Eoghain i nDún na nGall. Chuamar ar scoil ann bliain amháin fiú ar feadh roinnt seachtainí roimh laethanta saoire an tsamhraidh. Is cuimhin le Séamus páistí a bheith ag cur duilisc timpeall an ranga taobh thiar de dhroim an mhúinteora mar a bheadh guma coganta ann.

Chaitheamar ár laethanta ag bleán na mbó, ag iompú féir agus ag baint móna. Ba í an ghníomhaíocht ab fhearr linn a bheith ag piocadh spíonán agus sútha craobh sna fálta sceach agus ag bailiú buicéid faochan ar an gcladach. Sa chistin d'fhoghlaimíomar conas im a dhéanamh agus bhímid ag faire, agus muid achar sábháilte uathu, ar photaí suibhe a bhí chomh te sin gur mhór an chontúirt iad agus iad ag fiuchadh go bolcánach ar an sorn. Sheasamar ar chúl a chéile ag am bricfeasta chun scónaí silte agus pancóga a fháil. Theastaigh cúnamh i gcónaí ag baint na bprátaí agus bhíodh an chré shaibhir dhonn faoinár gcuid ingne de shíor. Bhí cearca i gclós na feirme agus d'fhéadfá ceann a bheadh ina peata a fháil sa chistin fiú. Thugtaí aire do shicíní óga le hais an tsoirn agus bhristí muiníl na gcearc nach mbíodh ag breith a thuilleadh go sciliúil agus is é an deireadh a bhíodh acu go ndéantaí iad a phiocadh os cionn an doirtil sa chistin.

Baile Átha Cliathach amach is amach ba ea m'athair, áfach. D'fhás sé suas sna 1930idí agus sna 40idí i gceantar a bhí lán de shiopaí áitiúla a mbíodh coiníní á ndíol iontu. Bhíodh oisrí á ndíol ag cúinní sráide agus fir ag teacht abhaile ó na tithe tábhairne. Bhí déirí agus siopa dá gcuid féin ag mórán sráideanna. Bhí cultúr láidir Giúdach sa cheantar ina raibh cónaí air agus ní raibh sé i bhfad ó Bhácús Bretzel, bácús Giúdach a raibh na bolaithe áille a bhíodh ag teacht uaidh mar chuid de thírdhreach ár n-óige. Ba mhinic a chócaráil Daid cadal ar an Satharn, stobhach traidisiúnta de chuid Bhaile Átha Cliath ina raibh ispíní agus slisíní bagúin.

Arna chóiriú as *The Sheridans' Guide to Cheese* le Kevin agus Seamus Sheridan, in éineacht le Catherine Cleary, Transworld Ireland, 2015.

**Sliocht C**

Tá rudaí éagsúla ar eolas ag daoine éagsúla faoi Roald Dahl. B'fhéidir gur cuimhin leat *James and the Giant Peach,* an chéad cheann dá chuid leabhar sárdhíola do pháistí, nó na cinn ina dhiaidh sin a bhí níos saibhre agus níos iomláine mar *The BFG,* scéal faoi fhathach mór cairdiúil.

Tá eolas ag nach mór gach duine, áfach, ar an mbothán. Tá sé sna céadta alt agus clár faisnéise faoi agus tá sé i gcroílár Mhúsaem agus Ionad Scéalaíochta Roald Dahl. " Tá sé beag agus cúng agus dorcha agus tá na cuirtíní tarraingthe i gcónaí. … téann tú suas anseo agus téann tú as amharc agus cailltear thú." Is anseo, ag barr a ghairdín, agus é cromtha i seanchathaoir uilleann sciathánach, i mála codlata nuair a bhíodh sé fuar, a chosa ar bhosca, clár scríbhneoireachta adhmaid clúdaithe le héadach glas billéardaí leagtha go cothrom trasna ar uillinneacha na cathaoireach; is anseo, agus é timpeallaithe ag iarsmaí pearsanta (scian pháipéir a athar, liathróid throm a rinneadh as clúdaigh ó bharraí seacláide nuair a bhí sé ina chléireach le Shell Oil, píosaí cnáimhe óna dhromlach a cuireadh faoi scian chomh minic sin, táibléad dingchruthach a piocadh suas sa Bhablóin le linn an Dara Cogadh Domhanda, póstaer don chéad scannán de *Willy Wonka*) – is anseo a d'oibríodh sé. Dhéanadh Roald Dahl a bhealach chuig an mbothán ag bun an ghairdín, cró beag bídeach a raibh cosán de chrainn teile ag dul ina threo, gach lá ar feadh breis agus tríocha bliain. D'úsáideadh sé téitheoir pairifín agus stialltéitheoir le linn na laethanta ab fhuaire sa gheimhreadh ach fós féin bhíodh air é féin a chuachadh i mála codlata chun é féin a choinneáil te agus pluid trasna a chosa.

Cosúil le péintéirí agus a gcuid stiúideonna, bhí leagan den bhothán gairdín ag mórán scríbhneoirí. Bhí ceann Dahl níos príobháidí ná mar ba ghnách, míshlachtmhar, dúghabhálach, ach cén fáth a bhfuil cuimhne chomh maith sin air? Cinnte, chomh maith lena airde agus a sheirbhís mar phíolóta ar eitleán troda sa chogadh agus a dhiongbháilteacht phiseogach maidir le pinn luaidhe bhuí Dixon, tá sé anois mar chuid de bhranda Roald Dahl ach bhí sé mar chuid de cheana féin nuair a bhí sé beo. Seachas deasc scríbhneoireachta ghalánta, roghnaigh sé scríobh ar chlár scríbhneoireachta a bhí trasna a ghlúine. Roimh ré na ríomhairí, scríobhadh a chuid scéalta iontacha le peann luaidhe HB a raibh an-ghean aige air. Is isteach as Meiriceá a tugadh na bloic de pháipéar buí dlí a bhíodh aige. Nuair ba ghá a phinn luaidhe ar fad a ghéarú arís, bhí a fhios aige go raibh sé tar éis a bheith ag scríobh ar feadh cúpla uair an chloig agus go raibh sé in am don lón.

Bhí an-dúil aige i seacláidí agus i milseáin – dúil a spreag ceann de na scéalta ba luaithe uaidh b'fhéidir, *Charlie and the Chocolate Factory*. Bhí a bhosca bruscair lán le clúdaigh lonracha milseán agus nótaí a bhí breactha síos aige óna cheap nótaí. Tá meall mór de scragall seacláide mar bhuanchuimhne ar an tóir mhór a bhí aige ar mhilseáin, ag dul siar go dtí a laethanta scoile. I measc na ngiuirléidí pearsanta eile a bhíodh (agus atá fós) sa bhothán, tá litreacha agus líníochtaí óna pháistí agus iad ceangailte de na ballaí garbha le fáiscíní lúbtha páipéir. Feictear an taobh uafar de freisin ina bhothán scríbhneoireachta ionúin – cnámh a chromáin féin mar mhurlán dorais, rud atá uathúil agus neamhghnách.

Anois, agus an balla tosaigh tugtha chun bealaigh, tá an bothán suite taobh thiar de scáileán gloine i músaem, cé go bhfuil macasamhail sholáimhsithe de sheanchathaoir de chuid Dahl in aice láimhe ar féidir leat suí inti, a chlár leis an bhfeilt ghlas a chur trasna na n-uillinneacha agus fótagraf a ghlacadh díot féin agus tú ag scríobh.

Arna chóiriú as *The Fantastic Mr. Dahl* le Jeremy Treglown, *Smithsonian Magazine*, Iúil 2016.

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**

**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer a fhógraíonn an Oíche Chultúir agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Píosa de pheannaireacht chomhaimseartha/thraidisiúnta bunaithe ar na híomhánna de bhia agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Comhartha ornáideach don Mhúsaem agus Ionad Scéalaíochta a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid bunaithe ar na himeachtaí cultúir a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar na híomhánna de Dhún na nGall agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Léaráid a bhfuil an taobh istigh de bhothán Roald Dahl a bhfuil cur síos air i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh, agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar na híomhánna den chathair le linn na hOíche Cultúir, a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Athphatrún a bhfuil an samhradh i nDún na nGall, a bhfuil cur síos air i Sliocht B, mar ábhar spreagtha aige.

(c) Athphatrún leath-thite agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bhróidnithe bunaithe ar na híomhánna de na healaíontóirí spéire a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Painéal bróidnithe do naprún agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Clúdach cúisín bróidnithe do chathaoir Roald Dahl agus Shliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus teicnící atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis fhite agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Taipéis bhalla agus an déirí a bhfuil cur síos air i Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Painéal fite agus na híomhánna de bhothán Roald Dahl a bhfuil cur síos air i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Tíl rilífe agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Cloigín cáise ceirmeach agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Coimeádán ceirmeach do phinn luaidhe agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicnící atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

**7. Puipéadóireacht**

Dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fíor a thugtar le tuiscint i Sliocht A.

(b) An déantóir cáise a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) 'Roald Dahl' a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir leis na hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicnící maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Comhad infhairsingithe chun leabhráin agus fógráin don Oíche Chultúir a bhfuil cur síos uirthi i Sliocht A a choinneáil ann.

(b) Fillteán bosca chun oidis a choinneáil ann agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Fillteán chun léaráidí agus lámhscríbhinní a choinneáil ann agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, na híomhánna/an maisiúchán agus/nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar ar léigh tú sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clúdach do leabhrán turais ar a dtugtar 'Oíche Chultúir' agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Aitheantóir grafach (lógó) do dhéirí agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Póstaer chun Músaem agus Ionad Scéalaíochta Roald Dahl a fhógairt agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Painéal rilífe le cur taobh amuigh den déirí agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Píosa dealbhóireachta le bheith suite i ngairdín Roald Dahl agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníc thógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seastán taispeántais chun leabhráin agus fógráin don Oíche Chultúir a choinneáil ann agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Taispeántas tríthoiseach chun cáis a chur chun cinn agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Seit stáitse do dhráma bunaithe ar bhothán scríbhneoireachta Roald Dahl a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00     Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Luain, 3 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin **(bileog amháin)** a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** aon **áiseanna amhairc** eile, e.g. grianghraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe, a thabhairt isteach sa scrúdú lena gcóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do **scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú agus **an teideal** ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ní mór do Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as grianghraif nó as íomhánna a bhí i gcló, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair cholláise, etc., ní mór gach íomhá dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog ullmhúcháin A2.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích ar dtús le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog d'obair ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin**. Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir duit an dearadh deiridh atá molta agat a thaispeáint agus a dhéanamh ansin. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid, iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: An Cheardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe. Ba chóir tagairt don chiorclán **S17/17** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)
- do cheardaíocht chríochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, ba chóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bosca **nó** vallait doiciméad **nó** fillteán a bheadh oiriúnach chun gearrthóga ar cheann **amháin** díobh seo a leanas a choinneáil:
(a) léirmheasanna leabhar
(b) limistéir faoi chaomhnú speisialta in Éirinn
(c) spórt foirne nó rás rothar.
Ba chóir **go bhfeidhmeodh** do phíosa críochnaithe ceardaíochta **agus ba chóir go mbeadh meicníocht dúnta air**. Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí cuí, etc.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe **ar 5 líne ar a laghad de Théacs (a) nó ar 8 líne ar a laghad de Théacs (b)**. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníc chuí ar bith eile a úsáid mar chuid den saothar.

| **Téacs (a)** | **Téacs (b)** |
|---|---|
| Is dóigh gur focal é 'neamh' a luaitear de ghnáth<br>le daoine atá sona, daoine a bhfuil an t-áthas go smior<br>iontu. Is cuimhin liom a bheith ar ghig cheoil ar an<br>Ómaigh tráth. Bhí fir ar an stáitse a raibh bainseónna,<br>boscaí ceoil agus giotáir acu, agus ansin tháinig bean<br>amach ar nós uain agus d'fhill sí í féin thart<br>ar bhodhrán agus cheap mé ar feadh bomaite<br>go raibh sí ag dul a thitim ina codladh. Ach go tobann,<br>bhí sí amhail is a bhí duine éigin i ndiaidh í a phlugáil<br>isteach, mar a bheadh leictreachas ag rith trína corp.<br>Ghlac na hamhráin seilbh uirthi. Ach ba iad méara<br>a cos a tharraing m'aird, iad corntha suas faoin<br>gcathaoir, agus an mothú go raibh rud dofheicthe<br>éigin istigh ina corp ag scaoileadh amach an amhráin.<br>Tá sí ar neamh, a cheap mé, agus an ceol ag rith tríthi.<br><br>Arna chóiriú *as Talking to Strangers and Other Ways of Being Human* le Michael Harding | Buscálaí ag seinm giotáir ina chulaith trí phíosa<br>Fear gnó ag siúl thart ina bhróga Doc Marten<br>Daoine ag ceannach geansaithe, daoine<br>ag ceannach bróg<br>Daoine faoi dheifir chun an nuacht a fháil<br>Ach níl fuadar mór faoi aon duine<br>Mar tá gach aon duine ag scuabáil leis<br>ar Shráid na Siopaí.<br><br>Tá tatúnna hine ann, tá trilseáin don ghruaig<br>Tá gabháil mhór cailíní ag siúl ón bhFaiche<br>Mhór<br>Tá turasóirí ag caiféanna ag ól caife ag táblaí<br>Agus ollúna troma ag iarraidh iad<br>a mhealladh lena bhfinscéalta<br>Ach níl fuadar mór faoi aon duine<br>Mar tá gach aon duine ag scuabáil leis<br>ar Shráid na Siopaí.<br><br>Arna chóiriú as *The Shop Street Shuffle*<br>le Patrick Carton |

**Ábhair**: dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **An tUasmhéid: A2**; éagsúlacht ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc.
Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer **nó** cárta taispeána do cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas:
(a) Meabhairshláinte Dhearfach
(b) Féile Scannán Gotach
(c) Seachtain Bithéagsúlachta 2017.
**Ní mór teideal iomlán** na topaice a roghnaigh tú a bheith ar do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Tá cead agat stionsal aibítre atá gearrtha agat féin a úsáid ach **ní mór duit an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**.
**Ní mór** aon stionsal a úsáidtear a chur isteach leis an gcuid eile den obair.

**Ábhair**: rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, scuaba, greamachán, dúigh, péinteanna, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Is fút féin atá sé cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir go mbeadh sé níos mó ná A2 ar an toise is mó. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi.**

## 4. Fíodóireacht

Dear agus figh taipéis bhalla **nó** taipéis **nó** painéal do chúisín agus tú ag baint úsáide as ceann **amháin** de na téamaí seo a leanas mar fhoinse do dhearaidh:
(a) feithidí sciathánacha
(b) innill
(c) na ceithre dúile.
Úsáid éagsúlacht ábhar agus teicnící san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr maise a chur ar do shaothar. Is ceadmhach meáin mheasctha a úsáid.

**Ábhair**: dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:
(a) thuas sna scamaill
(b) compoird bhaile
(c) ag dul chun cinn.
Ba chóir toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach a léiriú ar airíonna na líonóilphriontála / blocphriontála.

**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 15 cm × 20 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
***N.B****. Mura mbíonn do phriontaí tirim go hiomlán ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú isteach i do chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianuithe a chur isteach freisin.*

## 6. Puipéadóireacht

Déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) tá an gheargáil ina beatha
(b) an spraoi-reathaí
(c) an t-iomaitheoir.
Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh chabhail do phuipéid chríochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a phéinteáil agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe**.

**Ábhair**: fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, baill choirp déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair chuí eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:
(a) sna coillte
(b) an féasta
(c) folach bíog.
Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún leath-thite ar phíosa d'éadach oiriúnach bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:
(a) an ceaintín
(b) an tsaotharlann eolaíochta
(c) torthaí, fungais agus raithneach.
Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) scáthphictiúir agus solas na gréine
(b) "A leithid de lá!"
(c) an phleist mhór.
**Ní mór do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis**. Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc chríochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) soitheach agus claibín air, agus siombail is comharthaí mar inspreagadh agat
(b) painéal rilífe agus cairdeas mar inspreagadh agat
(c) dealbhóireacht cheirmeach ar a dtugtar "Cumarsáid".
**Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, glónraí agus ocsaídí.
Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníc (roth nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus bróidnigh dealbhóireacht bhog **nó** taipéis bhalla mhaisiúil **nó** píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) mo chuid fréamhacha
(b) an fothrach
(c) an cur i gcéill.
Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe agus/nó greamanna meaisín) agus teicnící éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc.
An tUasmhéid: 50cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht

Dear agus snoigh ceann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) plaic le cur ag an mbealach isteach go caifé ceardaí
(b) saothar saorsheasaimh dar teideal "Imeacht na hAimsire"
(c) trinsiúr riartha agus patrúin an dúlra mar inspreagadh agat.
Tá an litreoireacht roghnach. An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, trealamh snoíodóireachta agus bailchríocha cuí.

## 13. Miotalóireacht / Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) plaic nó saothar saorsheasaimh dar teideal "Comhghlasáil"
(b) píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh mhiotail agus do phleananna don bhliain seo chugainn mar inspreagadh agat
(c) píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar ainmhithe.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: ábhair chruanta, miotail do theicnící tógála, trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:
(a) cur in aghaidh
(b) cothromaíocht
(c) neamheaglach.
An tUasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt isteach sa scrúdú leat. **Ní mór an píosa múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Níor chóir an saothar a bhácáil ná a ghlónrú**.

**Ábhair**: is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicnící múnlóireachta.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

### Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín.

**Dé Máirt, 2 Bealtaine – Dé hAoine, 12 Bealtaine  Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 3 Aibreán**

### Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa fada, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **scuab urláir a bhfuil cos fhada uirthi**
- **cathaoir**
- **camán / maide haca.**

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag na hiarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

# Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.

N.B. Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag, na huillinneacha agus na lámha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (ón tosach nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- an dá chos scartha ó chéile beagán, meáchan an choirp anuas ar an gcos dheas
- géag na láimhe deise sínte amach
- greim ag an lámh dheas ar chos na scuaibe
- an lámh chlé ar an gcromán clé agus ceithre mhéar le feiceáil chun tosaigh
- an cloigeann ag féachaint in airde.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ar chathaoir agus**

- an dá chos scartha ó chéile beagán agus na cosa cothrom ar an urlár
- an cuspa cromtha chun tosaigh
- bos an chamáin / an mhaide haca ar an talamh idir chosa an chuspa
- an dá lámh ar bharr camáin / maide haca, an lámh dheas ar bharr na láimhe clé
- an smig ag baint taca as na lámha
- an aghaidh ag féachaint díreach chun tosaigh.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 15 Meitheamh  Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá taifead ar a lán tuamaí de chuid na Clochaoise in Éirinn a nochtann mórán eolais faoi shaol na ndaoine a thóg iad.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do **dhá** thuama cloiche ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat orthu. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do struchtúr, d'fheidhm agus do shuíomh gach ceann de na samplaí atá roghnaithe agat.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar na móitífeanna agus ar na teicnící sa snoíodóireacht chloiche ar baineadh úsáid astu chun tuamaí de chuid na Clochaoise a mhaisiú.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Ainmnigh an **dá** dhéantúsán atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***, agus déan cur síos agus plé orthu. Bíodh tagairt agat i do fhreagra dá bhfoirm, dá bhfeidhm agus dá mbunábhair agus do na teicnící ar baineadh úsáid astu agus iad á dtairgeadh agus á maisiú.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar an tréimhse ina ndearnadh na déantúsáin seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tháinig forbairt shuntasach ar dhearadh déantúsán miotail le haghaidh cúrsaí reiligiúin idir an 8ú haois agus an 12ú haois.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do **dhá** dhéantúsán reiligiúnacha ainmnithe as Éirinn a rinneadh as miotal sa tréimhse seo. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, d'fheidhm, do bhunábhair agus do mhaisiú gach déantúsáin ainmnithe.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar na teicnící miotalóireachta a forbraíodh le linn na tréimhse seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Déan cur síos agus plé ar na gnéithe ailtireachta d'fhoirgneamh ainmnithe Éireannach sa stíl Nuachlasaiceach. Ainmnigh ailtire an fhoirgnimh atá roghnaithe agat agus bíodh tagairt agat i do fhreagra do struchtúr, do mhaisiú agus do leagan amach an fhoirgnimh, istigh agus amuigh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar obair aon *stuccadore* ainmnithe sa tréimhse seo in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra*.

**5.** Bhí cáil ar Sir John Lavery (1856-1941) mar dhuine de phríomhphortráidithe na huasaicme. Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Stiúideo an Ealaíontóra: Lady Hazel Lavery lena hIníon Alice agus lena a Leasiníon Eileen**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do stíl, do dhath/do na dathanna agus do sholas.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile de chuid Sir John Lavery.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Is téama é scoiteacht lom an duine atá le feiceáil arís agus arís eile i go leor saothar de chuid Louis le Brocquy (1916-2012).
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Páiste i gClós**, **1953**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do stíl, do na tionchair agus do na teicnící.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile le Louis le Brocquy, agus déan cur síos agus plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:

- Nathaniel Hone Sinsearach (1718-1784)
- John Henry Foley (1818-1874)
- Mary Swanzy (1882-1978)
- Nano Reid (1900-1981)
- Seán Keating (1889-1977)
- Edward Delaney (1930-2009)
- Jim Fitzpatrick (r.1946).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra atá roghnaithe agat, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir sin. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do stíl, do na meáin/bunábhair, do theicnící agus do thionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Tá codarsnacht mhór idir na radhairc den bhreithiúnas agus den damnú atá le fáil sa dealbhóireacht Rómhánúil agus íomhánna níos suaimhní a úsáideadh sa dealbhóireacht Ghotach.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shampla ainmnithe **amháin** den dealbhóireacht Rómhánúil agus do shampla ainmnithe **amháin** den dealbhóireacht Ghotach. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do stíl agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar phríomhghnéithe na hailtireachta Gotaí.
*Léirigh do fhreagra*.

**9.** Ba mháistir é Jan van Eyck (c.1390-1441) ar mhionsonraí, ar dhathanna, agus ar shiombalachas.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**An Mhaighdean agus an Leanbh leis an Seansailéir Rolin**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do theicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Jan van Eyck.
*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Bhain Michelangelo (1475-1564) úsáid as fíoracha matánacha i staidiúirí drámata chun comhdhéanaimh iontacha a chruthú.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Doni Tondo**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do dhath/dhathanna agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Michelangelo.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Bhain Jean-François Millet (1814-1875) úsáid as dath agus as solas chun dearcadh laochúil ar shaol na dtuathánach faoin tuath a léiriú.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don phictiúr "**Fáilte an Aingil**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do stíl agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Jean-François Millet.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** B'ealaíontóir Iar-Impriseanaí é Vincent van Gogh (1853-1890) a bhfuil cáil ar a shaothar mar gheall ar an dath gléineach, ar an obair scuaibe shuntasach agus ar an éifeacht mhothúchánach go háirithe.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shaothar ainmnithe **amháin** le Vincent van Gogh. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do dhath/dhathanna, do stíl agus do theicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar thionchar Vincent van Gogh ar ealaín an 20ú haois.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Bhí Georges Braque (1882-1963) ar dhuine de bunaitheoirí an Chiúbachais agus d'fhorbair sé bealach nua leis an saol thart air a léiriú.
Déan an ráiteas sin a phlé, agus tagairt agat do "**Bean le Giotár**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do stíl, do dhath/dhathanna agus do theicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar Ciúbach ainmnithe **amháin** eile le healaíontóir ainmnithe eile.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar le duine **amháin** díobh seo a leanas:
- Giotto (c.1267/76-1337)
- Tiziano (c.1488-1576)
- Pieter Bruegel Sinsearach (c.1525-1569)
- Jean-Honoré Fragonard (1732-1806)
- Vasily Kandinsky (1866-1944).

(b) Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe agat agus ag tagairt agat don ealaíontóir, d'ábhar, do stíl, do chomhdhéanamh, do bhunábhair, do theicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.

(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Pléigh forbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- Barócachas
- Nuachlasaiceachas
- Art Nouveau
- Dadachas.

(b) Pléigh príomhthréithe na stíle nó na gluaiseachta atá roghnaithe agat.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)saothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Déantar gailearaithe, músaeim agus ionaid léirmhíniúcháin a dhearadh chun déantúsáin a thaispeáint agus is minic a bhaintear úsáid as a lán teicnící iontu chun eolas agus oideachas a thabhairt do bhreathnóir.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do ghailearaí nó do mhúsaem nó d'ionad léirmhíniúcháin ainmnithe ar thug tú cuairt air. Déan plé i do fhreagra ar **dhá** shaothar ainmnithe agus bíodh tagairt agat do na teicnící ar baineadh úsáid astu chun eolas agus oideachas a thabhairt don bhreathnóir ina dtaobh.
**agus**
Déan cur síos agus plé ar an dóigh a gcuirfeá na déantúsáin seo a leanas ar taispeáint i suíomh gailearaí:
- péire d'fháinní cluaise óir
- uiscedhath A4, fráma air agus faoi ghloine
- dealbh fhíorach ar cóimhéid leis an duine.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Tá ról thábhachtach ag an dealbhóireacht phoiblí i gcomóradh daoine agus/nó imeachtaí.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do dhealbhóireacht phoiblí ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do bhunábhair, do theicnící, do shuíomh agus do chomhthéacs an tsaothair.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne dealbhóireachta poiblí atá le suíomh i do cheantar le duine nó le himeacht a chomóradh.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is é aidhm an dearaidh ghrafaigh aird a tharraingt agus eolas a chur in iúl.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do na póstaeir ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'íomhánna, do leagan amach, do chlóghrafaíocht, do dhath/dhathanna agus tabhair breac-chuntas achomair ar cé acu póstaer díobh is éifeachtaí.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne póstaer bunaithe ar fhéile de do rogha féin.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Ba chóir go mbeadh cothromaíocht i ndearadh táirge idir cuma agus feidhm.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don fholúsghlantóir ***atá léirithe atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'fhoirm, d'fheidhm, do bhunábhair agus do cháilíochtaí maisiúcháin.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne gabhdáin/mála le do lón scoile a iompar.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Tá an-aird ar ealaín sráide in Éirinn le blianta beaga anuas agus tá idir chathracha agus bhailte móra ag glacadh chucu féin na bhféidearthachtaí spreagúla sa tírdhreach uirbeach.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don ***léaráid atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra d'ábhar, do chomhdhéanamh, do shuíomh agus do scála.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc faoi choinne múrmhaisiú i do cheantar féin.
*Léirigh do fhreagra*.

Leathanach Bán

Leathanach Bán